Údarás na Gaeltachta

TÁ MUID LEAT

Straitéis 2026–2030





Buabhaill Mhaigh Chromtha

Clár

Ráiteas an Aire — 4

Ráiteas an Chathaoirligh — 6

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh — 8

An Ghaeilge agus an Phleanáil Teanga — 12

Forbairt Pobail — 16

Fiontraíocht agus Nuálaíocht — 20

Clár na dTograí Caipitil — 26

An Chéad Ghlúin Eile — 28

Próiseas Comhairliúcháin na Straitéise — 30

Diaspóra — 32

Tá Muid Leat — 34

Íomhá an chlúdaigh: Snáth Dhún na nGall

Ráiteas an Aire



Mar Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus don Ghaeltacht, cuirim fáilte roimh fhoilsiú Straitéis Údarás na Gaeltachta do 2026–2030. Tá luach na hoibre a dhéanann an tÚdarás, ina cháil mar ghníomhaireacht forbartha réigiúnaí don Ghaeltacht, chomh maith leis an gcomhoibriú dlúth idir an tÚdarás agus mo Roinn, le feiceáil gach aon lá. Tá sé mar phríomhchuspóir ag mo Roinn tacú leis an nGaeilge agus a húsáid a neartú mar phríomhtheanga phobal na Gaeltachta.

Tá an próiseas pleanála teanga i gcroílár an chur chuige atá againn i leith na Gaeilge sa Ghaeltacht. Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá deis ag pobail Ghaeltachta, ag Bailte Seirbhíse Gaeltachta, agus ag Líonraí Gaeilge pleananna teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil, le tacaíocht leanúnach ón Stát. Faoi láthair, tá 26 plean teanga ceadaithe agus á gcur i bhfeidhm ar fud 26 Limistéar Pleanála Teanga agus i mBailte Seirbhíse Gaeltachta. Ó 2021 i leith, tá €17 milliún infheistithe sna pleananna seo, agus tá 35 Oifigeach Pleanála Teanga fostaithe go háitiúil.

Tá infheistíocht i mbonneagar na Gaeltachta ar cheann de phríomhthosaíochtaí an Rialtais mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta. Is sampla den scoth é Campas Íosagáin i mBaile Bhuirne den mhéid is féidir a bhaint amach nuair a oibríonn gníomhaireachtaí an Stáit as lámha a chéile. Tháinig €3.4m den infheistíocht €10m ó Chiste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe mo Roinne, agus tá obair ag tosú anois ar thogra eile ar chomhmhéid, an tIonad Oideachais agus Óige in Indreabhán i gCo. na Gaillimhe. Beidh ról lárnach ag na h-áiseanna seo agus áiseanna Gaeltachta dá leithéad sna blianta amach romhainn ag freastal ar riachtanais oiliúna agus foghlama an cheantair, na seirbhíse phoiblí agus phobal na Gaeltachta.

Tá fianaise shoiléir ann freisin go bhfuil geilleagar na Gaeltachta ag fás. Ó 2021 i leith, cruthaíodh beagnach 2,000 post nua i gcliantchomhlachtaí a fhaigheann tacaíocht ón Údarás (méadú ó 7,809 go 9,716). Tharla sé seo in ainneoin na ndúshlán a bhain leis an bpaindéim agus leis an gcogadh san Úcráin. Bhí díolacháin os cionn €1 billiún ag na comhlachtaí sin in 2024 agus 2025, agus tá fás le feiceáil i ngach contae Gaeltachta. Beidh an straitéis seo ag cur le caighdeán na fostaíochta sin, le 10,000 post a shlánú sna cliantchomhlachtaí agus le cur le táirgiúlacht agus teacht aniar na gcomhlachtaí ag am go bhfuil an domhan mór ag athrú de shíor.

Is iad na heagraíochtaí forbartha pobail cnámh droma na Gaeltachta. Tá 202 duine fostaithe sna 33 eagraíocht sin. Tá méadú 58% tagtha ar an gCiste Forbartha Pobail ó 2021, ó €4.75m go €7.50m in 2026. Tá an obair seo ag teacht go hiomlán le straitéis nua an Rialtais 2026–2030 chun tacú leis an earnáil phobail agus dheonach, a sheol mo Roinn i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord agus le foireann Údarás na Gaeltachta. Gabhaim buíochas freisin leis na pobail, na heagraíochtaí agus na comhlachtaí a mhúnlaigh an straitéis seo lena dtuairimí. Beidh mo Roinn ag tacú leis an obair sin ionas go mbeidh an Ghaeilge ina teanga bheo phobail ag an gcéad ghlúin eile.

Dara Calleary TD
Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

Ráiteas an Chathaoirligh



Is mór an onóir dom, mar Chathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta, Straitéis 2026–2030 a chur i láthair. Leagtar amach sa straitéis seo fís uaillmhianach don Ghaeltacht sna cúig bliana amach romhainn; fís atá fréamhaithe sa phobal agus sa Ghaeltacht.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Údarás na Gaeltachta le blianta beaga anuas, idir fhorbairt fiontraíochta, cruthú fostaíochta, infheistíocht i mbonneagar agus tacaíocht do phobail agus d'eagraíochtaí forbartha pobail. Is léiriú ar an dul chun cinn sin an fás atá tagtha ar líon na ndaoine atá fostaithe i gcliantchomhlachtaí an Údaráis, mar aon leis an obair leanúnach atá ar bun chun an Ghaeilge a neartú mar theanga bheo phobail. Tá dúshláin mhóra fós romhainn, áfach, agus tá sé ríthábhachtach go dtógfaimid ar na láidreachtaí atá againn chun aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach comhtháite agus fadtéarmach.

Léirigh an próiseas comhairliúcháin a rinneadh mar chuid d'ullmhú na straitéise seo go bhfuil mian láidir ag muintir na Gaeltachta pobail bhríomhara inmharthana a chothú, pobail inar féidir le daoine maireachtáil, obair agus clann a thógáil trí Ghaeilge. Léiríonn na torthaí go bhfuil todhchaí na Gaeilge fite fuaite le folláine agus le hinmharthanacht na bpobal féin. Ní féidir an teanga a neartú gan na dálaí cuí a chruthú chun go mbeidh daoine in ann saol iomlán a chaitheamh ina gceantair dhúchais.

Ar an ábhar sin, tá cur chuige comhtháite mar bhonn agus mar thaca faoin straitéis seo. Beidh béim ar dheiseanna nua a chruthú don aos óg, ar fhostaíocht ar ardchaighdeán agus ar fhorbairt scileanna, ar thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí pobail agus ar infheistíocht i mbonneagar a fhreastalaíonn ar riachtanais na Gaeltachta. Tá uaillmhian shoiléir leagtha amach don tréimhse seo, lena n-áirítear 10,000 duine a bheith fostaithe i gcliantchomhlachtaí an Údaráis, 30 comhlacht nuálaíochta a fhorbairt ina mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre, agus deiseanna ceannaireachta agus forbartha a chur ar fáil do ghlúin nua de cheannairí Gaeltachta. Is spriocanna iad seo a léiríonn an tábhacht a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn i gcomhar le neartú na Gaeilge.

Tá deiseanna nua ag teacht chun cinn freisin i réimsí na nuálaíochta, na teicneolaíochta digití, na hintleachta saorga agus an fhuinnimh in-athnuaite. Ní mór dúinn leas a bhaint as na deiseanna sin chun cur le hiomaíochas agus le táirgiúlacht ár gcomhlachtaí, chun fostaíocht inbhuanaithe a chruthú agus chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeltacht chun tosaigh i bhforbairt réiteach nua a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail. Tá deis ar leith againn a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge mar chuid lárnach den ré dhigiteach agus de gheilleagar an todhchaí, agus go mbeidh ár bpobail in ann leas iomlán a bhaint as na hathruithe atá ag tarlú timpeall orainn.

Mar Bhord, aithnímid an fhreagracht atá orainn ceannaireacht agus treoir shoiléir a chur ar fáil chun na huaillmhianta seo a bhaint amach. Beidh sé tábhachtach go ndéanfar dul chun cinn a mheas, go mbainfear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil agus go gcoinneofar riachtanais phobal na Gaeltachta i gcroílár na cinnteoireachta. Ní féidir leis an Údarás an obair seo a dhéanamh as féin. Beidh comhoibriú láidir idir an tÚdarás, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, eagraíochtaí stáit, fochuideachtaí, comhlachtaí lonnaithe sa ghaeltacht, eagraíochtaí forbartha pobail agus pobail sa Ghaeltacht féin riachtanach chun na spriocanna atá leagtha síos a bhaint amach.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Aire agus le Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta as a dtacaíocht leanúnach agus as an gcomhoibriú atá ríthábhachtach chun ár gcuid oibre a chur chun cinn.

Táim muiníneach go gcuirfidh an straitéis seo bonn láidir faoinár gcuid oibre sna blianta atá romhainn. Trí cheannaireacht, comhoibriú agus tiomantas comhroinnte, tá deis againn Gaeltacht láidir, inmharthana agus lán le deiseanna a chothú, áit a mbeidh an Ghaeilge faoi bhláth agus ina mbeidh muintir na Gaeltachta in ann todhchaí a thógáil dóibh féin agus do na glúnta atá le teacht.

Siobhán Ní Ghadhra
Cathaoirleach, Údarás na Gaeltachta

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh



Is í ***leathadh na Gaeilge mar phríomhmheán cumarsáide sa Ghaeltacht***, trí chur le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge agus forbairt na Gaeltachta dá réir, fís Údarás na Gaeltachta, fís a thógann ar reachtaíocht bhunaithe Údarás na Gaeltachta 1979. Tá 45,880 duine sa Ghaeltacht a bhfuil Gaeilge mhaith nó an-mhaith acu de réir an daonáirimh.

Is í sprioc na straitéise seo ***cur le líon na ndeiseanna cainte Gaeilge*** do na daoine sin mar chéad chéim. Sin é misean na foirne agus spreagann an misean sin an obair atá ar siúl ag Údarás na Gaeltachta sna mór réimsí oibre; an Ghaeilge agus an Phleanáil Teanga, Fiontraíocht agus Nuálaíocht agus an Fhorbairt Pobail.

Chuige sin tá béim ar thrí ghné ar leith ag croílár na straitéise seo:

- Ceannaireacht na nÓg – cosán forbartha d'aos óg na Gaeltachta a thabharfaidh gach deis dóibh iad fhéin a fhorbairt mar cheannairí teanga, pobail agus fiontraíochta.

- Cur le hinmharthanacht na bpobal Gaeltachta, ag tógáil ar acmhainní nádúrtha na gceantar, ar obair na n-eagras forbartha pobail, ar áiseanna agus acmhainní an Údaráis chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais an phobail, ar sheirbhísí pobail, ar theacht aniar aeráide agus ar an teanga labhartha.

- Cur le caighdeán na fostaíochta, trí chur le táirgiúlacht na gcomhlachtaí, le deiseanna fostaíochta, oiliúna agus nuálaíochta, le ról na Gaeilge sna comhlachtaí agus líon na gcomhlachtaí atá ag feidhmiú trí Ghaeilge.

Spriocanna straitéise don tréimhse 2026–2030

10,000 fostaí a shlánú sna cliantchomhlachtaí agus cur le táirgiúlacht na gcliantchomhlachtaí

30 comhlacht ar cheann na nuálaíochta a chruthú ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga oibre

Limistéir Nuálaíochta Náisiúnta a chruthú sa Ghaeltacht, áit a mbeidh deis polasaithe nua náisiúnta a chur i bhfeidhm go píolótach.

Ráta úsáide na mol digiteach a ardú go 70% agus tacú le 50 printíseach in aghaidh na bliana idir seo agus 2030

Acmhainní nádúrtha a chur ag obair ar mhaithe le soláthar fuinnimh do phobail agus do ghnólachtaí Gaeltachta araon

100 scoláireacht a bhronnadh ar Cheannairí na nÓg faoi 2030

€50m in airgead iomaíoch taighde agus forbartha a shlánú faoi 2030 agus ról an taighde agus an bhunúis eolaíoch a threisiú san eagraíocht

Coincheap na Mol Campais don earnáil phoiblí a fhorbairt i bpáirt le Roinn na Gaeltachta agus oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil do 7,500 duine faoi 2030

Creat náisiúnta a chruthú do sholáthar poiblí do chomhlachtaí atá ag tairiscint seirbhísí trí Ghaeilge

Léirithe spéise a lorg ar shuíomhanna an Údaráis a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht faoi ról tánaisteach tithíochta na heagraíochta

Freastal custaiméara / fad phróiseas tacaíochta na heagraíochta a ghiorrú 50%

Tá na spriocanna sin ag tógáil ar an dul chun cinn suntasach atá déanta le linn na gcúig bliana atá caite.

An Ghaeilge

Cur le líon na ndeiseanna Gaeilge a labhairt

Pleananna Teanga á bhfeidhmiú sna 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) agus sa 2 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) faoi dheireadh 2025, infheistíocht ar fiú €17m í ó 2021 go 2025

Forbairt Pobail

Pobail bheo, inmharthana a chothú, a fhorbairt agus a bhuanú sna seacht gcontae Gaeltachta

202 duine fostaithe in eagrais forbartha pobail chun tacú leis na pobail Ghaeltachta, tacaíocht iomlán de €32.875m ón gCiste Forbartha Pobail ó 2021

Fiontraíocht, Nuálaíocht

Geilleagar inmharthana tógtha ar bhunchloch láidir scileanna, fostaíochta agus nuálaíochta a thugann deis do chách sa Ghaeltacht

9,716 duine fostaithe i gcliantchomhlachtaí a raibh díolacháin os cionn €1 billiún acu ina n-iomláine in 2024 & 2025.

Rinneadh €65m d'infheistíocht chaipitil ó 2021 agus méadaíodh leibhéal na hinfheistíochta in aghaidh na bliana ó €8m in aghaidh na bliana in 2022 go €19m in 2026. Leagtar amach tograí caipitil ar leith sa straitéis seo agus, den chéad uair, luaitear céimeanna forbartha leo; idir staidéar féidearthachta, chéim na pleanála agus an mhaoinithe agus ansin, mar chéim dheireanach, céim na tógála. Tabharfaidh an cur chuige seo tuiscint níos fearr do phobal na Gaeltachta agus do gheallsealbhóirí araon ar an amchlár measta a bhaineann le tograí, ag teacht le cur chuige leasaithe an stáit do thograí suntasacha caipitil. Tá clár na dtograí áirithe sin, agus an chéim forbartha atá luaite leo, ar leathnach 26.

Tá obair mhór déanta ag foireann Údarás na Gaeltachta, ní hamháin ag tabhairt tograí agus cláir go ceann scríbe, ach ag cur feabhas ar chórais inmheánacha, ionas go mbeidh seirbhís níos fearr in áit don phobal. Tá mé an-bhuíoch chomh maith de Bhord Údarás na Gaeltachta atá ag druidim i dtreo dheireadh a thréimhse ag deireadh na bliana seo agus de Chathaoirleach an Bhoird, Siobhán Ní Ghadhra, go sonrach, a bhfuil obair na gcapall déanta aici ag cur cás na Gaeltachta chun cinn agus ag tacú go láidir le h-uaillmhian na h-oibre.

Tógann obair Údarás na Gaeltachta ar obair Roinn na Gaeltachta agus tacaíocht Aire na Gaeltachta Dara Calleary agus ranna agus áisínteachtaí eile stáit, pobail agus tionsclaíoch a thugann ardán d'obair an Údaráis ag cur chun cinn na Gaeltachta. Ag deireadh thiar, áfach, tá an obair sin dírithe ar phobal na Gaeltachta agus ar na seirbhísí cuí a bheith in áit agus ar fáil dóibh, chun teanga ársa phobal na Gaeilge a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile.

Tomás Ó Síocháin
Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta

Salann Mara Acla



An Ghaeilge agus an Phleanáil Teanga

Tá an Ghaeilge agus an phleanáil teanga ag croílár chlár oibre Údarás na Gaeltachta, agus í mar bhunsprioc an Ghaeilge a neartú agus a threisiú sa Ghaeltacht. Le cúig bliana anuas, tá an Próiseas Pleanála Teanga neadaithe mar chur chuige lárnach, ní hamháin i gclár oibre an Údaráis, ach i measc na bpobal Gaeltachta.

10

An chéad timthriall 7 mbliana den phróiseas críochnaithe i gcás 10 LPT cheana, agus tús curtha le hullmhúchán i leith an dara timthriall pleanála teanga.

+2.3%

Léirigh Daonáireamh 2022 POS (CSO) gur cobhsaíodh líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht, laghdú –1.6% (2016–2022) i gcomparáid leis an laghdú –11% (2011–2016). Tá méadú 2.3% sa daonra a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu.

104

Leanadh leis an tacaíocht do 104 scoil tríd an Scéim Cúntóirí Teanga agus cuireadh maoiniú ar fáil do 166 campa samhraidh in 2025 chun úsáid na teanga a spreagadh i measc na hóige

28

28 plean teanga ceadaithe agus á gcur i bhfeidhm sna 26 LPT agus sa 2 BSG.

35

35 post mar Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) - fostaithe go háitiúil ag ceanneagraíochtaí. Tá 22 ceann de na 33 eagras forbartha pobail ag feidhmiú mar cheanneagraíochtaí pleanála teanga.

58%

Seoladh Scéim Forbartha Gaeilge do chliantchomhlachtaí in 2025; léiríodh i dtaighde an Údaráis go bhfuil an Ghaeilge ag 58% de na fostaithe sna comhlachtaí sin

135

Comhar Naíonraí na Gaeltachta ag soláthar 135 seirbhís lán-Ghaeilge agus ag freastal ar 2,050 leanbh le 264 fostaí.

€1.117m

Muintearas Teo athstruchtúraithe le bord agus le straitéis nua, agus cur chuige nua-mhaoinithe i leith na forbartha óige. Maoiniú €1.117m curtha ar fáil in 2026, suas ó €0.69m in 2021, 6,413 duine óg ag freastal ar 165 campa samhraidh in 2025; 32 club óige agus 980 ball cláraithe.

106,220

Daonra na Gaeltachta 2022

1,873,997

Líon na ndaoine go náisiúnta a bhfuil labhairt na Gaeilge acu

69%

De dhaonra an Bhun Bhig, Co. Dhún na nGall a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil

8.9%

De dhaonra na Gaeltachta atá ag cur fúthu i gCo. Mhaigh Eo

36,687

Líon na ndaoine atá ag cur fúthu i nGaeltacht na Gaillimhe

11%

Ráta fáis na gcainteoirí Gaeilge i gCo. na Mí

75%

De thoghroinn Dhún Chaoin, Co. Chiarraí a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil

89.3%

De dhaonra Bhéal Átha an Ghaorthaidh, Co. Chorcaí a bhfuil an Ghaeilge acu

6

Oileán Gaeltachta a bhfuil cónaí orthu

15%

Ráta fáis na gcainteoirí Gaeilge i gCo. Phort Láirge 2016–2022

Daonáireamh 2022: Próifíl 8 - An Ghaeilge agus an tOideachas'

Cás Staidéar: Aistear na nGael

Is cúrsa cónaitheach é Aistear na nGael a thugann deis do dhéagóirí Gaeltachta, aoisghrúpa 14–16 a bhfuil Gaeilge líofa acu cheana féin, teacht le chéile mar ghrúpa, féiniúlacht a chruthú mar dhaoine óga Gaeltachta, agus gréasán sóisialta lán-Ghaeilge a thógáil ar bhonn tras-Ghaeltachta. Thosaigh an coincheap i gCorca Dhuibhne ar dtús, faoi stiúir Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, agus tá sé á reáchtáil ó shin ag Coláiste na nOileán i gConamara, le rannpháirtithe ag teacht ó sé cheantar Gaeltachta — Corca Dhuibhne, Múscraí, an Rinn, Conamara, Ráth Chairn agus Tír Chonaill.

Tá fás suntasach tagtha ar an scéim: 40 déagóir in 2023; 56 in 2024; agus 80 spás curtha ar fáil in 2025, méadú 100% in imeacht trí bliana.



Tosaíochtaí go ceann 5 bliana:

An Dara Timthriall den phróiseas pleanála teanga a sheoladh thar na 26 LPT, 3 BSG agus 16 Líonra Gaeilge, le creat nua tomhais sonraí-bhunaithe.

Scéim Forbartha Gaeilge na gCliantchomhlachtaí a fheidhmiú ar mhaithe leis an nGaeilge a neartú i measc chliantchomhlachtaí an Údaráis.

Struchtúr Ionaid Seirbhíse Teanga a fhorbairt ar bhonn tras-Ghaeltachta.

Plean Neartú na Gaeilge san Earnáil Miondíola agus Fáilteachais a fheidhmiú, ar mhaithe leis an nGaeilge a neartú sna pobail Ghaeltachta agus cur le scéim Chárta na Gaeltachta

Áiseanna agus acmhainní Údarás na Gaeltachta a úsáid chun freastal ar éileamh na Seirbhíse Poiblí agus na féidearthachtaí molchampas na hearnála poiblí a lonnú i ngach Gaeltacht.

Ról lárnach a imirt san obair Eorpach ar IS do Mhionteangacha trí fheasacht a ardú ar an gceist seo ag leibhéal polaitiúil agus teicneolaíochta chomh maith le tacú le forbairt acmhainní teicneolaíochta Gaeilge i réimsí éagsúla do phobal na Gaeltachta, seirbhísí poiblí ina measc.

Oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil do 7,500 duine faoi 2030.

Méadú ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht

Nuálaíocht na Gaeilge a neadú sna Limistéir Pleanála Teanga ag úsáid an ghréasáin Gteic mar thairseach do sheirbhísí, do bharrchleachtais agus do dheiseanna labhartha Gaeilge

Forbairt Pobail

Tá obair Údarás na Gaeltachta ag tógáil ar bhunchloch láidir taighde. Tá scéal ar leith le h-insint ag an taighde sin, i gcomhthéacs na Forbartha Pobail go sonrach. Léirítear sa taighde sin gur fiú €16m de phárolla na Gaeltachta earnáil na fiontraíochta sóisialta, a thacaíonn le 585 post lánaimseartha. Foilseofar táscairí folláine do cheantair Ghaeltachta i bpáirt leis an Institúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) go luath.

Tugtar le fios i ndréacht taighde ar Eagrais Forbartha Pobail na Gaeltachta a bheidh á fhoilsiú go luath go bhfuil an maoiniú de €7.68m a thagann ó Údarás na Gaeltachta ag mealladh €6.03m ó fhoinsí eile don earnáil, a bhfuil 202 duine fostaithe ann. Is fiú na céadta milliún euro an infheistíocht sin thar thréimhse deich mbliana, a thugann ar a laghad an dá oiread luacha ar gach euro a infheistítear.

Tá ról tánaisteach ag Údarás na Gaeltachta ag tacú le soláthar tithíochta sa Ghaeltacht. Sa ról sin, tá anailís agus taighde déanta ar thithíocht sa Ghaeltacht, ar mhúnlaí úinéireachta agus forbartha agus ar roinnt shuíomhanna ó phunann maoine an Údaráis a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'fhorbairt tithíochta faoi scéimeanna reatha an Rialtais. Tá aighneachtaí forbartha curtha faoi bhráid na n-údarás áitiúil mar chuid den obair sin chomh maith.



Tá ról lárnach ag Údarás na Gaeltachta san earnáil seo, atá eiseamláireach go náisiúnta.

58%

Méadú 58% ar an gCiste Forbartha Pobail le cúig bliana anuas: €4.750m (2021) → €5.75m (2022) → €6.75m (2023) → €6.75m (2024) → €7m (2025) → €7.5m (2026)

2019

Aonad Forbartha Pobail (AFP) bunaithe in 2019 chun freastal díreach a dhéanamh ar an earnáil.

2023

Gradaim na Gaeltachta seolta in 2023 ag tabhairt aitheantas do sár-obair na hearnála, agus é neartaithe in 2025 le gradam cuimhneacháin Phádraig Uí hAoláin.

Tograí mórmhaoine seachadta nó ar chéim cheadaithe: Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Carna (críochnaithe 2026); Geopáirc Dhúiche Sheoigheach (stádas UNESCO bainte amach i bhfómhar na bliana 2025); Ionad Glas Saolré, Casla (cead pleanála faighte agus tógáil ar bun); Ionad Árainn, Inis Mór (€3m ceadaithe 2024); Inis – Ionad Turasóireachta Chléire, Oileán Chléire (€1m ceadaithe 2024), ionad SOLAS ar an Eachléim (€4m).

Straitéis agus ciste nua turasóireachta seolta, chomh maith le comhpháirtíocht straitéiseach ag tacú le tograí ar bhonn tras-Ghaeltachta.

Cás Staidéar: Tionscnamh Eastát Ghlas Chomharchumann Mhic Dara

Bunaíodh Comharchumann Mhic Dara in 2010 agus i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta, tá an Comharchumann i mbun tionscnamh uaillmhianach 'eastáit ghlais' ar Pháirc Ghnó na Ceathrún Rua. Suiteáladh córas fótavoltach os cionn 130 kW ar dhá fhoirgneamh sa bpáirc gnó, mar aon le háiseanna luchtaithe d'fheithiclí leictreacha, agus dhá mhéadú sin arís go 240,000kWh d'fhuinneamh glas. Cruthaíodh an chéad choláiste Gaeilge neodrach ó thaobh carbóin de in Éirinn mar chuid den togra. Tá an Comharchumann agus a chuid fiontair shóisialta anois rátáilte saor ó charbón agus díoltar an barrachas fuinnimh leis an eangach, le sábháiltí bliantúla measta thart ar €12,000 ar leictreachas agus ar ola.

Léiríonn an togra seo an chaoi ar féidir le comharchumann Gaeltachta a bheith ina lóchrann ar an aistriú glas, trí shlite nua ioncaim a chruthú don phobal, costais a laghdú do ghnólachtaí áitiúla, agus bonn comhshaoil a chur faoi sheirbhísí Gaeilge an cheantair sna blianta atá amach romhainn. Léiríonn sé freisin an tábhacht a bhaineann le neamhspleáchas fuinnimh, i gcomhthéacs na seirbhíse a chuir Comharchumann Mhic Dara ar fáil do phobal dheisceart Chonamara tar éis Stoirm Éowyn, ag soláthar spás oifige, seirbhísí ceatha agus níocháin éadaigh, agus soláthair cumhachta.

33

Acmhainní oibre na 33 eagras forbartha pobail a neartú, le struchtúir nua tomhais tionchair agus tuairiscithe, chomh maith le córas digiteach oibre a fhorbairt ar bhonn tras-eagraíochta.

700

Líonra fiontar shóisialta a leathnú ó 585 go 700 post lánaimseartha faoi 2030, an Ghaeltacht a shníomh i gcur chuige nua barr feabhais mar a bhaineann leis an bhfiontraíocht shóisialta agus Scéim na gCéimithe d'Fhiontair Shóisialta a leathnú.



Léirithe spéise a lorg ar shuíomhanna do chuid na h-eagraíochta chun tithíocht a fhorbairt faoi scéimeanna reatha an Rialtais agus ról tánaisteach an Údaráis.



Píblíne turasóireachta pobail-bhunaithe a sheachadadh, ag cur leis an ngréasán ionad cuairteoirí atá á fhorbairt i láthair na huaire, á neartú le próiseas oiliúna do bhainisteoirí turasóireachta agus ag forbairt plean gnímh turasóireachta Gaeltachta i gcomhar le Fáilte Éireann.



Plean Gnímh Bealaí Siúil agus Rothaíochta Gaeltachta a fhoilsiú leis an sprioc cur leis an líon ciliméadair bealaí siúlóide agus rothaíochta Gaeltachta.



Straitéis Diaspóra Gaeltachta a sheoladh ar mhaithe le tionchar na Gaeltachta go hidirnáisiúnta a leathnú, ag baint leas as cumhacht chultúrtha na Gaeltachta, agus ag díriú ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na Gaeltachta.

2,000

Staidéar féidearthachta beartaithe ar an éileamh ar líon na leanaí atá ag fágáil na Gaeltachta gach uile lá chun teagasc snámha a fháil i mBéarla i gcathair na Gaillimhe, líon arna mheas idir 1,500 agus 2,000 leanbh Gaeltachta trasna na mblianta bunscoile.

Fiontraíocht agus Nuálaíocht

Ó 2021 i leith, cruthaíodh beagnach 2,000 post nua (ó 7,809 go 9,716) sna ceantair Ghaeltachta, in ainneoin na ndúshlán suntasach a bhí roimh an ngeilleagar domhanda agus náisiúnta, lena n-áirítear géarchéim COVID 19, an cogadh san Úcráin, agus brú leanúnach ar chostais agus ar shlabhraí soláthair.

Bhí méadú 17% i nDún na nGall, 60% i Maigh Eo, 17% i nGaillimh, 35% sa Mhí, 48% i gCiarraí, 13% i gCorcaigh agus 84% i bPort Láirge le linn an ama sin.

Léiríonn an fás seo an athléimneacht agus an cumas oiriúnaithe atá ag comhlachtaí Gaeltachta i gcomparáid le go leor réigiún eile sa tír.

Le tacaíocht leanúnach ó Údarás na Gaeltachta, tá comhlachtaí sa Ghaeltacht tar éis leanúint ar aghaidh ag forbairt, agus ag cruthú deiseanna fostaíochta inbhuanaithe, rud a neartaíonn geilleagar agus pobail na Gaeltachta san fhadtéarma.

Tháinig fás laidir sna Gaeltachtaí ar fad, an méadú is mó i nGaeltacht Port Láirge (+84%), Maigh Eo (+60%) ach léiríonn figiúirí na Gaillimhe agus Dún na nGall go bhfuil tromlach na fostaíochta agus an fás is mó dá réir sa dá limistéar Gaeltachta is mó sa tír.

Cuireann Údarás na Gaeltachta tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí teicneolaíochta atá ag cruthú táirgí, próisis nó seirbhísí nua a athróidh tionscail agus a chruthóidh margaí nua tríd an gciste An Plean Forbartha Náisiúnta (NDP). Mar chuid den *Disruptive Technologies Innovation Fund (DTIF)*, ciste náisiúnta €159 milliún, bronnadh €38.1 milliún ar chomhlachtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht.


ÉIRECOMPOSITES

FeelTect

Is comhlacht feistí leighis agus sláinte digití é FeelTect atá dírithe ar theicneolaíochtaí sláinte nasctha a fhorbairt chun feabhas a chur ar chaighdeán saol othar.

Is é príomhtháirge an chomhlachta Tight Alright®, an chéad ardán sláinte nasctha chun monatóireacht a dhéanamh ar theiripe chomhbhrúite agus ar a barrfheabhsú – cóireáil bhunúsach, chéadlíne do ghalair iolracha féitheacha agus limfeacha. Cuireann an fheiste leighis inchaite, an brú a bhraitear agus an t-ardán digiteach treoir chruinn agus monatóireacht iargúlta ar bhrú fo-bhanda le linn teiripe chomhbhrúite, ag laghdú amanna cneasaithe, ag laghdú costais chóireála, agus ag feabhsú chaighdeán saol an othar.

Bunaíodh FeelTect in 2019 agus tá an gnó lonnaithe sa Spidéal, Co. na Gaillimhe. Tá tacaíocht á cur ar fáil ag an Údarás do FeelTect agus fostaíonn an comhlacht foireann saineolaithe leighis chun cabhrú leo a gcuid táirgí a chur ar fáil do chórais cúraim sláinte idirnáisiúnta.

Nemeton Teo

Is comhlacht léiriúcháin é Nemeton atá ar an bhfód ó 1993 agus atá lonnaithe sa Rinn, Co. Phort Láirge. Tá fás agus forbairt tagtha ar an gcomhlacht thar na blianta le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta, go háirithe sna chéad bhlianta. Léiríonn an comhlacht ábhar don teilifís agus don idirlíon, tá cumas acu ábhar a shruthlú nó ábhar a sholáthar trí shatailít agus cuireann an comhlacht oideachas agus oiliúint ar fáil do dhaoine ar mian leo oibriú san earnáil chruthaitheach. Is fostóir an-tábhachtach é Nemeton a chuireann fostaíocht ar fáil trí Ghaeilge i gceantar na nDéise. Tá an comhlacht i gcónaí ar thóir deiseanna nua forbartha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus aithníonn an comhlacht na féidearthachtaí a chruthaíonn IS agus teicneolaíochtaí nua don phróiseas léiriúcháin agus don phróiseas seachadta ábhar.

Cora Tine

Is comhlacht teicneolaíochta é Cora Tine Teoranta a chuireann trealamh agus córais monatóireachta teochta ar fáil d'earnáil an bhia, na cógaisíochta agus an chúraim sláinte. Bunaíodh an comhlacht ar an bhFál Carrach sa bhliain 1990, agus d'aistrigh sé ó chomhlacht taighde agus forbartha nuathionscanta go comhlacht tráchtála faoi 2003.

Tá táirgí agus córais Cora Tine Teoranta á easpórtáil go breis agus 50 tír difriúil ar fud na cruinne. Tá a dtáirgí á n-úsáid i réimse earnálacha éagsúla, idir shlabhraí ollmhargaí móra, déantóirí táirgí cógaisíochta, shaotharlanna, óstáin agus bhialanna. Tá méadú mór tagtha ar líon na bhfostaithe sa chomhlacht le fiche cúig bliain anuas, ag méadú ó dheichniúr in 2000 go 120 duine faoi láthair.

Tá Cora Tine lonnaithe go sealadach ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair faoi láthair mar go bhfuil infheistíocht ar fiú €5.75m í á déanamh ag Údarás na Gaeltachta i monarchan an chliaint ar an bhFál Carrach.

Gréasán Gteic

Tá 30 mol sa ghréasán gteic ar fud oileán na hÉireann, lonnaithe i gceantair Ghaeltachta. Is iad seo a leanas na príomh-spriocanna don tréimhse pleanála 2026-2030:

- Méadú ar líon/ar ráta úsáideoirí an ghréasáin Gteic go 70% trí éagsúlú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí iontu.
- Cúrsaí scilbhisithe, oiliúna agus imeachtaí a reáchtáil faoi stiúir an ghréasáin, m.sh. Gaeilge/IS/nuálaíocht/fiontraíocht, a chuimseoidh 1,500 duine.
- Coincheap na Molchampas don earnáil phoiblí a fhorbairt i bpáirt le Roinn na Gaeltachta agus na féidearthachtaí a scrúdú i ngach ceantar Gaeltachta.

Tosaíochtaí Fiontraíocht agus Nuálaíocht 2026–2030

10,000 fostaí a shlánú sna cliantchomhlachtaí agus cur le táirgiúlacht na gcliantchomhlachtaí

30 comhlacht ar cheann na nuálaíochta a bheidh ag feidhmiú trí Ghaeilge a chruthú agus a lonnú sa Ghaeltacht.

Limistéir Nuálaíochta Náisiúnta a chruthú sa Ghaeltacht, áit a mbeidh deis polasaithe nua náisiúnta a chur i bhfeidhm go píolótach.

Creat soláthair phoiblí d'fhiontraithe agus do sholáthróirí seirbhísí trí Ghaeilge a chur in áit mar chuid den togra 'todhchaí.ie' le Gaeilge 365 agus leis an Mol Náisiúnta Digiteach.

Togra nuálaíochta fuinnimh a fhorbairt ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair ag baint úsáide as acmhainní fuinnimh inathnuaite agus teicneolaíochta nua carntha ar mhaithe le forbairt tionscail agus leis an bpobal áitiúil.

Tacaíocht leanúnach don earnáil closamhairc agus cruthaitheach ina bhfuil líon ard daoine ag obair trí Ghaeilge agus an chomhpháirtíocht le TG4 ar fhorbairt scileanna a threisiú.

Macasamhail dhigiteach fuinnimh na Gaeltachta forbartha chun acmhainní nádúrtha a chur ag obair ar mhaithe le soláthar fuinnimh do phobail agus do ghnólachtaí Gaeltachta araon.

Digitiú na Gaeilge: DAC nua-bhunaithe seolta ag an Taoiseach chun corpas náisiúnta na Gaeilge agus chultúr na hÉireann a bhainistiú agus a chaomhnú chun uirlisí a fhorbairt do phobal na Gaeilge agus deiseanna fiontraíochta, fostaíochta agus oiliúna a chruthú.

Cás Stáidéar: Digitiú na Gaeilge

Ó 2024 i leith tá Údarás na Gaeltachta ag obair ar an togra 'Digitiú na Gaeilge'. Tagann an obair seo faoi scáth na hoibre móire atá déanta ar ullmhú *'Phlean Digiteach don Ghaeilge' 2023-2027 agus faoin 'gCoiste Comhairleach um an nGaeilge sa Réimse Digiteach'*. Thosaigh an togra mar iarracht díriú ar an tábhacht atá ann nach mbeadh an Ghaeilge fágtha ar chúl agus muid anois i ré na hintleachta saorga. Foilsíodh an plean straitéiseach *'Uirlisí IS don Ghaeilge: Deiseanna agus Dúshláin'* i mí Meithimh 2025 chun treo soiléir a leagan amach don obair seo agus chun feasacht a mhúscailt faoi na deiseanna agus faoi na dúshláin atá roimh an nGaeilge i réimse na teicneolaíochta. Tá an tÚdarás ag obair i dtreo todhchaí ina mbeidh an teicneolaíocht agus an Ghaeilge fite fuaite lena chéile – todhchaí ina mbeidh rochtain chothrom ag cainteoirí Gaeilge ar na seirbhísí, ar na deiseanna agus ar na huirlisí céanna teicneolaíochta atá ar fáil do mhórtheangacha an domhain.

Ag tógáil ar an obair mhór atá déanta le cúpla blianta anuas sa réimse seo, tá na spriocanna seo againn don tréimhse seo amach romhainn:

Ilteangachas sa réimse digiteacha a lárnú ar chlár oibre na hEorpa

Tá an feachtas seo ar bun againn le fada agus mar léiriú ar seo tá comhdháil mhór idirnáisiúnta á reáchtáil ag Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Roinn na Gaeltachta agus ADAPT (DCU), áit a mbeidh an téama seo atá á phlé phlé mar chuid d'uachtarántacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach.

Clár Ceannais na nUirlisí Intleachta Saorga

Tá sé mar sprioc go mbeadh feasacht ann i measc an phobail agus i measc comhlachtaí teicneolaíochta ar leibhéal reatha na huirlisí IS i nGaeilge. Trí thábla cláir ceannais a chruthú tugtar an t-eolas cuí don phobal agus bíonn sé mar bhealach le feabhsuithe a mhealladh ar leibhéil chumais Gaeilge na n-ardán mór.

Próiseas ceannródaíoch forbartha chun trascríobh agus rochtain a leathnú do chorpais oidhreachtúla Ghaeilge

Trí leas a bhaint as uirlisí nua-aoiseacha teicneolaíochta agus trí chomhoibriú le hionaid acadúla, tá muid ag tabhairt faoi chórais á fhorbairt le hábhair oidhreachtúla Ghaeilge a dhigitiú agus rochtain a éascú orthu. Tá an obair seo á déanamh i gcomhar le háisínteachtaí stáit, le hionaid oideachasúla agus le páirtnéirí taighde.

'Tobar' mol sonraí comhtháite stáit a fhorbairt

Bunófar Tobar, comhlacht sainchuspóra (DAC), a bheidh ag déanamh comhordú ar na corpais teanga agus chultúrtha atá i seilbh an stáit mar iarracht feabhas a chur ar chaighdeán teanga agus eolais na n-uirlisí intleachta saorga. Beidh an áis seo á forbairt chun an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chosaint agus bonn muiníne a thabhairt do sheirbhísí stáit agus uirlisí eile a bheidh á bhforbairt amach anseo.


Oiliúint shainiúil teanga agus teicneolaíochta a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Tá raon cúrsaí agus ábhair oiliúna á fhorbairt ag Údarás na Gaeltachta le go mbeadh an taithí agus na scileanna cuí ag pobal na Gaeltachta le tabhairt faoi na deiseanna agus na dúshláin atá romhainn amach anois sa ré dhigiteach.



Clár na dTograí Caipitil

Tá tograí caipitil agus beartais caipitil ar scála ar an gclár a leanas a dhéanann cur síos ar chuid de na tograí atá beartaithe. Tá scagadh déanta ar na tograí a bhfuil staidéar féidearthachta á dhéanamh dóibh, tograí a bhfuil an cás gnó in áit agus cead pleanála nó foinsí maoinithe á gcíoradh chuige agus tograí atá ag céim na tógála agus seachadta.



Togra | Láthair	Staidéar Féidearthachta	Céim dearaidh, pleanála, maoinithe	Céim tógála, seachadta
Ionad Fiontraíochta na nDéise, Co. Phort Láirge		✓	
Ionad Fiontraíochta na Carraige, Co. Dhún na nGall		✓	
Ionad Pobail Mhaigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe			✓
Inis – Ionad Turasóireachta Chléire		✓	
Ionad Saolré Chasla – oiliúint ar athchóiriú tairgí 'bána' tí			✓
Coláiste Chonnacht Thuar Mhic Éadaigh		✓	
Páirc na Mara, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe		✓	
Nua na Mara, Carna, Co. na Gaillimhe			✓
Linn Snámha Chonamara, Co. Na Gaillimhe	✓		
Sean Ospidéal an Daingin, Co. Chiarraí		✓	
Gteic @Béal an Mhuirthead		✓	
Sruthán na Sláinte, an Cheathrú Rua		✓	
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair – obair feabhsúcháin			✓
Ionad Oideachais agus Óige, Indreabhán			✓
Ionad Árainn, Co. na Gaillimhe			✓
Máistirphlean Lár Bhaile na Ceathrún Rua, Co. na Gaillimhe	✓		
Teach Solais Fhánada		✓	
Cill Ulta, Co. Dhún na nGall	✓		
Ionad Domhanda na Gaeilge, Glórtha, an Cheathrú Rua	✓		
Ionad Oidhreachta na nOileán, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe	✓		
Ionad na nImirceach, Carna, Co. na Gaillimhe			✓
Áras Éanna, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe	✓		
Avant / Integer, Indreabhán, Co. na Gaillimhe			✓
Ionad Fiontraíochta & Nuálaíochta, an Cheathrú Rua	✓		
Plean Forbartha Maoine do Ros a Mhíl, Co na Gaillimhe	✓		
Campas Íosagáin (céim a 2)	✓		
Ionad Oideachais agus Óige Baile an Fheirtéaraigh		✓	

Cás Stáidéar; Campas Íosagáin

D'oscail an Taoiseach Micheál Martin Campas Íosagáin go hoifigiúil in Aibreán 2026, an mol digiteach nua-aimseartha i gcroílár Bhaile Bhuirne, Co. Chorcaí. Thar tréimhse tógála 15 mhí cuireadh i gcrích ceann de thionscadail forbartha is suntasaí na tuaithe in Éirinn agus de chuid Údarás na Gaeltachta le blianta beaga anuas.

Infheistíodh €9.297 milliún san athchóiriú ar Choláiste Íosagáin, an foirgneamh stairiúil a bhí mar mheánscoil chónaithe tráth, faoi stiúir Údarás na Gaeltachta. Meastar go mbeidh suas le 320 post á gcur ar fáil nuair a bheidh an campas faoi lán seoil.

Maoiníodh an tionscadal trí dheontas €3.276 milliún ón gCiste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe, mar aon le €2.7 milliún ón gCiste um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnaí (REDF) de chuid Fhiontraíocht Éireann agus €3.8 milliún ó chistí Údarás na Gaeltachta.

An Chéad Ghlúin Eile

Tá ról lárnach ag an óige i bhforbairt phobal na Gaeltachta agus i dtodhchaí na Gaeilge. Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil an ghlúin óg riachtanach do chothú agus do neartú na bpobal seo, agus dá bhrí sin tá an tÚdarás ag infheistiú i dtionscadail a thacaíonn le forbairt scileanna ó na luathbhlianta, a spreagann rannpháirtíocht leanaí agus déagóirí ina gceantair dhúchais, agus a chruthaíonn deiseanna fostaíochta don aos óg. Trí na tioscnaimh seo, cuirtear bonn láidir faoi fhás inbhuanaithe agus faoi láidriú na Gaeilge mar theanga phobail.

Clár Píolótach – Ceannaireacht na nÓg – Tá tús á chur le clár píolótach dírithe ar óige na Gaeltachta atá san idirbhliain. Beidh béim ar fhorbairt an duine bunaithe ar cheithre philéar; *Ceannaireacht agus Muinín; Ceannaireacht Teanga; Dearcadh Dearfach ar an bpobal; agus Nasc a chruthú idir na ceantair Ghaeltachta.*



Muintearas

Beidh clár píolótach Ceannaireacht na nÓg á stiúradh ag Muintearas. Tá athstructúrú déanta ar Mhuintearas le bord nua, plean straitéiseach nua, branda agus suíomh gréasáin nua mar aon le cur chuige nua-mhaoinithe i leith seirbhísí óige a fhorbairt. Tá bunreacht nua forbartha ag an eagraíocht agus stádas an chomhlachta athraithe go CTR (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta). Leagann plean straitéiseach úr Mhuintearais amach an chaoi a leathnófar seirbhísí Mhuintearais chun freastal ar na 26 LPT agus 3 BSG.

Maidir le seirbhísí, tacaíochtaí agus scéimeanna, bhí 32 club óige deonacha le 980 ball cláraithe ag deireadh 2025 fud fad na Gaeltachta. Faoi Scéim na gCampaí Samhraidh reáchtáladh 165 campa samhraidh Gaeltachta ar fhreastail 6,413 duine óg in 2025. Fostaíodh 89 cúntóir teanga chun tacaíocht a chur ar fáil in 104 scoil faoi Scéim na gCúntóirí Teanga in 2025.

Ealaín na Gaeltachta

Cuireadh maoiniú de €1.89m ar fáil do 238 togra ealaíona in 2025, tacaíodh le 30 féile Gaeltachta mar aon le tionscadail agus imeachtaí ealaíon trasna 26 LPT Gaeltachta. Tá comhpháirtíochtaí le hOifigigh Pleanála Teanga ar fud na Gaeltachta mar aon le comhpháirtíochtaí in earnáil na hóige le leithéidí Music Generation.

Tháinig fás agus borradh suntasach ar chlár Chuisle – Clár Óige Ealaín na Gaeltachta a thacaíonn le ranganna, le ceardlanna, le tionscadail, le himeachtaí agus le malartuithe don óige sna healaíona dúchasacha agus sa drámaíocht. D'fhreastail 11,500 duine óg ar Chuisle sna ceantair Ghaeltachta in 2025. Fostaíodh 249 duine idir áisitheoirí, teagascóirí, ealaíontóirí agus chúntóirí ranga chun na daoine óga a spreagadh.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) a fheidhmíonn seirbhísí luathbhlianta trí Ghaeilge sa Ghaeltacht, le cabhair maoinithe Údarás na Gaeltachta. Cuireann CNNG tacaíocht, oiliúint agus maoirseacht ar fáil do bhreis agus 65 naíonra agus naíolann ar fud na Gaeltachta. Is sna hionaid seo a thosaíonn go leor leanaí ag sealbhú na Gaeilge, agus is iad an chéad chéim i slabhra a leanann ar aghaidh tríd an mbunscoil, trí na clubanna óige agus trí Chuisle.

Bhí 2,050 páiste ag freastal ar 13 naíonra agus naíolann de chuid CNNG ag deireadh 2025.

Próiseas Comhairliúcháin na Straitéise

Treoraithe ag Torthaí Taighde

In 2026, thug Údarás na Gaeltachta faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus taighde chun a chinntiú go mbeadh Plean Straitéiseach 2026–2030 fréamhaithe i ndualgais an Údaráis, i riachtanais agus i ndeiseanna na gceantar Gaeltachta, agus i mianta na bpobal. Áiríodh leis comhairliúchán inmheánach leis an bhfoireann; cruinnithe le heagrais forbartha pobail agus le heagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Údarás; comhairliúchán le hEalaín na Gaeltachta, le Muintearas agus le Comhar Naíonraí na Gaeltachta; seisiún pleanála teanga; agus suirbhé poiblí oscailte ar líne.

Léirigh an próiseas go bhfuil pobail na Gaeltachta ag iarraidh pobail bheo, inmharthana a chothú ina bhfuil an Ghaeilge lárnach agus ina mbíonn deiseanna ag daoine maireachtáil, oibriú agus páirt iomlán a ghlacadh ina gceantair dhúchais.

Príomhthorthaí an Chomhairliúcháin

Léiríonn na torthaí seo na príomhriachtanais, na dúshláin agus na deiseanna a d'aithin rannpháirtithe sa phróiseas comhairliúcháin agus taighde.

Réimse	Príomhthorthaí an Taighde
Tithíocht agus Seirbhísí	Ba í an tithíocht an dúshlán ba mhó a tháinig chun cinn, luaite ag 76% de na freagróirí aonair agus 73% de na heagraíochtaí agus de na gnólachtaí. Aithníodh easpa tithíochta inacmhainne agus oiriúnaí, tionchar tithe saoire, costas maireachtála, agus bearnaí i mbonneagar agus i seirbhísí riachtanacha, lena n-áirítear iompar, sláinte, cúram leanaí agus séarachas.
Fostaíocht agus Scileanna	Leagadh béim ar fhostaíocht inbhuanaithe ar ardchaighdeán, ar chonairí scileanna agus oiliúna, ar phrintíseachtaí agus ar thacaíocht don fhiontraíocht. Aithníodh spleáchas ar obair shéasúrach agus bearnaí scileanna sna réimsí digiteacha, teicneolaíochta agus oibre óige.
An Ghaeilge agus an Pobal	Aithníodh an gá atá le húsáid laethúil na Gaeilge a neartú trí dheiseanna cainte, timpeallachtaí sóisialta agus seirbhísí trí Ghaeilge, tacaíocht don phleanáil teanga agus rannpháirtíocht an aosa óig. Leagadh béim ar fhéiniúlacht agus ar chultúr láidir, ar spiorad pobail agus meithle, ar chomharchumainn agus ar chomhpháirtíochtaí áitiúla, agus ar ról na n-ealaíon, na cruthaitheachta agus na hoibre óige.
Nuálaíocht agus Deiseanna	Aithníodh deiseanna sna moil dhigiteacha (Gteic), sa gheilleagar glas agus gorm, sa turasóireacht chultúrtha, i bhfuinneamh, sa bhia agus sna tionscail chruthaitheacha. Leagadh béim ar fhorbairt scileanna, táirgiúlachta agus uirlisí digiteacha Gaeilge, ar acmhainneacht na hIntleachta Saorga agus ar an ngá le húsáid fhreagrach, le sábháilteacht agus le rialáil chuí
Comhoibriú agus Acmhainní	Aithníodh an deis comhoibriú agus comhordú idir eagraíochtaí a neartú, úsáid níos fearr a bhaint as bonneagar agus acmhainní atá ann cheana féin, agus tionchar na dtionscnamh a fheabhsú agus a thomhas.

Na Príomhthéamaí a Tháinig Chun Cinn

Tháinig ocht bpríomhthéama chun cinn ón bpróiseas comhairliúcháin ina iomláine. Léiríonn na téamaí seo na riachtanais, na dúshláin agus na deiseanna a aithníodh ar fud na seisiún comhairliúcháin agus an taighde, agus thacaigh siad linn agus treo an Plean Straitéisigh don tréimhse 2026–2030 á aimsiú againn:

Tithíocht	Tithíocht inacmhainne agus oiriúnach a chur chun cinn chun tacú le hinmharthanacht na bpobal.
Óige	Deiseanna, scileanna, rannpháirtíocht agus ceannaireacht a fhorbairt don aos óg.
Pobal	Pobail athléimneacha a neartú trí sheirbhísí, trí bhonneagar agus trí chomhpháirtíochtaí áitiúla.
An Ghaeilge	Úsáid laethúil na Gaeilge agus pleanáil teanga atá oiriúnach do riachtanais éagsúla na gceantar a neartú.
Fostaíocht agus Nuálaíocht	Fostaíocht ar ardchaighdeán, fiontraíocht agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn.
Cúrsaí Digiteacha	Teicneolaíochtaí nua, an Intleacht Shaorga agus uirlisí digiteacha Gaeilge a fhorbairt agus a úsáid go freagrach.
Seirbhísí agus Comhoibriú	Rochtain ar sheirbhísí agus ar bhonneagar a fheabhsú agus comhoibriú idir eagraíochtaí a neartú.
Cultúr agus Ealaín	Tacú leis na healaíona, leis an gcultúr, leis an obair óige agus le rannpháirtíocht trí Ghaeilge.

Léiríonn na téamaí seo go bhfuil dlúthnasc idir todhchaí na Gaeilge, inmharthanacht na bpobal agus forbairt eacnamaíoch na Gaeltachta. Bheadh sé an-chasta dul chun cinn in aon cheann de na réimsí seo a bhaint amach ina aonar. Tá cur chuige comhtháite riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha, ar láidreachtaí áitiúla a fhorbairt agus ar phobail bhríomhara Ghaeilge a chothú agus a bhuanú, gné atá le feiceáil go sonrach sa Phlean Straitéiseach seo.

Diaspóra

Tá an imirce fite fuaite i stair na Gaeltachta, le daoine as chuile cheantar Gaeltachta ag fágáil thar na mblianta ar thóir saol níos fearr i leithéidí Mheiriceá, Ceanada agus Sasana. Go dtí an lá atá inniu an, tá ceangail idir na pobail sin thar lear agus na háiteacha as ar tháinig siad, mar shampla idir Acaill agus Cleveland, idir iar-dheisceart Chonamara agus Bostún, idir Dún na nGall agus Glaschú, Cois Fharraige agus Portland, Maine, agus idir Corca Dhuibhne agus Springfield, Massachusetts.

Le roinnt blianta anuas, tá Údarás na Gaeltachta ag forbairt clár oibre diaspóra chun tógáil ar an spéis mhór idirnáisiúnta sa nGaeltacht agus sa nGaeilge. Tá comhpháirtíochtaí bunaithe nó á bhforbairt thar lear, ina measc Meamram Comhthuisceana le Highlands and Islands Enterprise in Albain, scoláireacht Gaeilge agus Gaeltachta le University of St. Thomas i Minnesota, malartú cultúrtha le Nova Scotia agus ceangal le líonra gnó na hÉireann i Londain. Tá líonra Gteic agus feachtas Filleadh Abhaile ag cuidiú le daoine ar mian leo teacht abhaile le cónaí agus le hobair sa Ghaeltacht.

Tá trí aidhm leis an obair seo: daoine óga agus daoine oilte a mhealladh ar ais chun na Gaeltachta, infheistíocht, fiontraíocht agus turasóireacht a spreagadh trí naisc an diaspóra, agus an Ghaeilge a neartú trí phobail Ghaeilge thar lear a cheangal le pobail na Gaeltachta féin.

Tá sé beartaithe ag Údarás na Gaeltachta, le linn tréimhse na straitéise seo, straitéis diaspóra Gaeltachta a fhoilsiú agus a fheidhmiú. Beidh an straitéis bunaithe ar thrí théama: Cumasú, Neartú agus Inbhuanaitheacht, agus ar chúig réimse gnímh: líonraí agus bunachar sonraí a fhorbairt; imeachtaí agus gníomhaíochtaí; cumarsáid agus feasacht; forbairt gnó agus turasóireachta; agus malartú oideachais agus cultúir.

Aithníonn straitéis diaspóra nua an Rialtais, a d'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha in 2026, ról an Údaráis sa réimse seo, agus gealtannas tugtha ann "Tacú le hÚdarás na Gaeltachta maidir le straitéis diaspóra s'acusan a chur chun feidhme."



Tá Muid Leat

Luachanna

- Uaillmhian agus ceannaireacht a léiriú i gcur chun cinn na Gaeltachta;
- Cur chuige forbartha inbhuanaithe a ghlacadh atá fréamhaithe sa teanga;
- Feidhmiú le hionracas, le trédhearcacht agus le freagracht i ngníomhaíochtaí na heagraíochta;
- Comhghuaillíochtaí agus comhpháirtíochtaí a chruthú a bhíonn chun leas na Gaeltachta agus na Gaeilge;
- Bealaí nuálacha a aimsiú le seirbhís den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí seachtracha agus inmheánacha.



Foireann Údarás na Gaeltachta Dhún na nGall

Chun cuidiú le hÚdarás na Gaeltachta an foireann ard-oilte a choinneáil agus a fhorbairt don todhchaí, cuirtear na straitéisí náisiúnta ábhartha san áireamh sa phleanáil fórsa saothair, lena n-áirítear *an Straitéis Dhigiteach Náisiúnta, Athnuachan na Státseirbhíse 2030, an Straitéis Nuálaíochta Seirbhíse Poiblí, an Straitéis Náisiúnta Scileanna, agus Plean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann.*

Ag féachaint chun cinn, glacfaidh Údarás na Gaeltachta cur chuige nuálaíoch. Déanfar infheistíocht leanúnach i bhforbairt ghairmiúil a chuid fostaithe. Trí na straitéisí náisiúnta a chur i bhfeidhm go comhtháite agus go cuspóireach, agus tríd an bpleanáil fórsa saothair a ailíniú go dlúth le straitéis na heagraíochta, is féidir leis an Údarás a chinntiú go mbeidh sé in ann freastal go héifeachtúil ar bhealach a rachaidh chun sochair an phobail amach anseo.



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

www.udaras.ie

Fón: 091-503100
Ríomhphost: eolas@udaras.ie